CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 106/24
Lucsamburg, 25 Meitheamh 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-626/22 | Ilva agus páirtithe eile

# Caithfear oibriúchán oibreacha cruach Ilva a chur ar fionraí sa chás go gcruthaítear bagairtí tromchúiseacha agus suntasacha leis do shláine an chomhshaoil agus do shláinte an duine

*Is faoi Chúirt Dúiche Milano atá sé measúnú a dhéanamh ar an gceist seo*

Áirítear leis an gcoincheap 'truailliú' mar a shainmhínítear sa Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha díobháil don chomhshaol agus do shláinte an duine. Dá bhrí sin, ní mór go mbeadh measúnú roimh ré ar thionchar gníomhaíochta suiteála amhail oibreacha cruach Ilva i ndeisceart na hIodáile ina dhlúthchuid de na nósanna imeachta chun an údarú le suiteáil a oibriú dá bhforáiltear sa Treoir sin a dheonú agus a athbhreithniú. Sa nós imeachta athbhreithnithe, ní mór go gcuirfear substaintí truaillitheacha a bhaineann le gníomhaíocht na suiteála san áireamh, fiú mura ndearnadh measúnú orthu le linn an nós imeachta údaraithe tosaigh. I gcás bagairtí tromchúiseacha agus suntasacha don chomhshaol agus do shláinte an duine, ní mór go gcuirfear oibriú na suiteála ar fionraí.

Tá oibreacha cruach Ilva lonnaithe in Taranto, i ndeisceart na hIodáile. Cuireadh tús le hoibríochtaí ann sa bhliain 1965. Tá thart ar 11 000 fostaí ag obair ann agus beagnach 1 500 heicteár talún aige, agus tá Ilva ar cheann de na hoibreacha cruach is mó san Eoraip.

In 2019 rialaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go raibh tionchair dhiúltacha shuntasacha ag na hoibreacha cruach ar an gcomhshaol agus ar shláinte na ndaoine áitiúla [1]. Tá bearta chun a dtionchar a laghdú pleanáilte ó 2012 i leith, ach cuireadh na spriocdhátaí cur chun feidhme siar go rialta.

Tá caingean á tabhairt ag go leor de mhuintir an cheantair os comhair Chúirt Dúiche Milano i gcoinne oibriú leanúnach na n-oibreacha cruach. Maíonn siad go ndéanann astaíochtaí na n-oibreacha dochar dá sláinte agus nach bhfuil ceanglais na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha [2] á gcomhlíonadh ag an tsuiteáil.

D'fhiafraigh Cúirt Dúiche Milano an raibh reachtaíocht na hIodáile agus na rialacha maolaitheacha speisialta is infheidhme maidir le hoibreacha cruach Ilva chun a leanúnachas a chinntiú contrártha leis an Treoir. Dá bhrí sin, chuir sí an méid sin faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

Ar dtús, cuireann an Chúirt Bhreithiúnais béim ar **an dlúthnasc idir cosaint an chomhshaoil agus cosaint shláinte an duine**, ar **príomhchuspóirí iad de dhlí an Aontais**, a ráthaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Tugann sí dá haire go gcuidítear leis an Treoir na cuspóirí sin a bhaint amach agus leis an gceart chun cónaí i dtimpeallacht atá leordhóthanach don tsláinte agus don fholláine a chosaint.

Cé, dar le Rialtas na hIodáile, nach ndéantar aon tagairt sa Treoir do mheasúnú ar éifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte, tugann an Chúirt Bhreithiúnais dá haire go n-áirítear leis an gcoincheap 'truailliú', de réir bhrí na Treorach sin, díobháil don chomhshaol agus do shláinte an duine araon. Dá bhrí sin, **ní mór go mbeadh measúnú roimh ré**

**ar thionchar gníomhaíochta suiteála amhail oibreacha cruach Ilva ar an dá ghné seo ina dhlúthchuid de na nósanna imeachta chun an údarú le suiteáil a oibriú a dheonú agus a athbhreithniú**. Mar sin féin, de réir Chúirt Dúiche Milano, níor comhlíonadh an réamhriachtanas sin maidir le tionchair dhiúltacha sláinte. Ní mór don oibreoir measúnú a dhéanamh freisin ar na tionchair sin le linn thréimhse oibríochta na suiteála.

Ina theannta sin, de réir Chúirt Dúiche Milano, de bharr na rialacha speisialta a bhaineann le hoibreacha cruach Ilva ceadaíodh údarú comhshaoil a dheonú agus a athbhreithniú gan truailleáin áirithe nó a n-éifeachtaí díobhálacha ar an daonra áitiúil a chur san áireamh. Thug an Chúirt Bhreithiúnais dá haire go bhfuil **oibreoir** suiteála faoi réir na hoibleagáide **faisnéis a sholáthar, ina iarratas tosaigh ar údarú, maidir le nádúr, le cainníocht agus le héifeacht dhíobhálach fhéideartha na n-astaíochtaí ar dócha go dtáirgfidh an tsuiteáil sin**. Ní féidir ach substaintí truaillitheacha a meastar éifeacht dhiomaibhseach a bheith acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a eisiamh ó na teorainnluachanna astaíochta san údarú chun suiteáil a oibriú.

Measann an Chúirt Bhreithiúnais, murab ionann agus an méid a maíonn Ilva agus Rialtas na hIodáile, nach féidir **an nós imeachta athbhreithnithe** a theorannú do theorainnluachanna a shocrú do shubstaintí truaillitheacha amháin a raibh a n-astú intuartha. **Ní mór astaíochtaí substaintí truaillitheacha eile arna nginiúint go hiarbhír ag an tsuiteáil lena mbaineann le linn a hoibríochta a chur san áireamh chomh maith.**

**I gcás sárú** ar choinníollacha na húdaruithe chun suiteáil a oibriú, **ní mór go ndéanfaidh oibreoir na suiteála na bearta is gá a dhéanamh láithreach chun a áirithiú go ndéanfar comhlíontacht a shuiteála leis na dálaí sin a athbhunú laistigh den tréimhse ama is giorra is féidir.**

**I gcás bagairtí tromchúiseacha agus suntasacha** do shláine an chomhshaoil agus do shláinte an duine, **ní fhéadfar síneadh a chur arís agus arís eile leis an spriocdháta chun na bearta cosanta** dá bhforáiltear san údarú chun suiteáil a oibriú **a chur i bhfeidhm agus ní mór oibriú na suiteála a chur ar fionraí.**

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir le cinneadh na Cúirte Breithiúnais. Tá an cinneadh seo ina cheangal freisin ar aon chúirt nó binse náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist dlí chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Tá sé cruthaithe ag measúnuithe ar thionchair dhiúltacha sláinte ó 2017, 2018 agus 2021 go bhfuil nasc cúisíoch ann idir an t-athrú ar shláinte mhuintir réigiún Taranto agus astaíochtaí oibreacha cruach Ilva, go háirithe a mhéid a bhaineann le mínábhar cáithníneach $PM_{10}$ agus dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$) de thionscnamh tionsclaíoch. Braitheadh substaintí truaillitheacha eile a bhaineann le gníomhaíocht na n-oibreacha cruach, amhail copar, mearcair agus naftailéin chomh maith le mínábhar cáithníneach $PM_{2,5}$ agus $PM_{10}$. I dtuarascáil in Eanáir 2002 ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, liostáladh ceirtleán Taranto mar cheann de na 'limistéir íobartha'. Is limistéar iad seo arb iad na saintréith a bhaineann leo leibhéil fhoircneacha truaillithe agus éillithe ó shubstaintí tocsaineacha ina bhfuil ualach díréireach ar ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe ó thaobh na sláinte, chearta an duine agus an chomhshaoil de mar thoradh ar nochtadh do thruailliú agus do shubstaintí dochracha.

[2] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú).